Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**12331/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0124 (COD)**

**MI 605**
**ENT 149**
**ENV 786**
**CHIMIE 76**
**IND 321**
**CONSOM 159**
**SAN 530**
**CODEC 1183**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE a ghlacadh ar le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, agus le n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004<br>- Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>- Arna ghlacadh ag an gComhairle an 8 Nollaig 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 28 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004.[1]

2. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

3. An 14 Meitheamh 2023, cheap an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) i bParlaimint na hEorpa Manuela Ripa (na Glasaigh, DE) ina rapóirtéir don togra. Thug an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) i bParlaimint na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra an 24 Eanáir 2024. Chinn an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh gan tuairim a thabhairt uaidh. Vótáil an coiste ENVI ar a thuarascáil chríochnaitheach maidir leis an togra an 14 Feabhra 2024, agus glacadh í sa suí iomlánach an 27 Feabhra 2024 mar an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh. Ó cuireadh tús leis an timthriall reachtach nua, cheap an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) i bParlaimint na hEorpa Majdouline Sbai (na Glasaigh, FR) mar rapóirtéir don chomhad.

4. An 12 Iúil 2023, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim uaidh maidir leis an togra[2].

5. Chuir an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Substaintí Contúirteacha - Ceimiceáin) tús leis an scrúdú ar an togra an 16 Bealtaine 2023 faoi Uachtaránacht na Sualainne. Ó shin i leith, tionóladh 14 chruinniú bhreise den Mheitheal faoi Uachtaránacht na Spáinne, na Beilge, na hUngáire agus na Polainne.

---

[1] 8904/23 + ADD 1-7.
[2] 12179/23.

6. Ag eascairt as an scrúdú a rinneadh ar an téacs i gcnuasaigh faoi Uachtaránacht na Beilge, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú na Comhairle an 14 Meitheamh 2024.

7. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach nuair a bhí an chéad chruinniú tríthaobhach ann an 28 Eanáir 2025 faoi Uachtaránacht na Polainne. Tionóladh an dara agus an tríú cruinniú tríthaobhach an 6 Bealtaine 2025 agus an 10 Meitheamh 2025 faoi seach. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach an 10 Meitheamh 2025, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach.

8. An 15 Iúil 2025, vótáil an Coiste ENVI i bParlaimint na hEorpa i bhfabhar an téacs a comhaontaíodh. Dá dhroim sin, chuir Cathaoirleach Choiste ENVI litir chuig an Uachtaránacht á chur in iúl go molfadh sé don Seisiún Iomlánach glacadh leis an seasamh ón gComhairle, faoi réir fíorú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint, dá nglacfadh an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán a comhaontaíodh.

## II. CUSPÓIR

9. Is é cuspóir foriomlán an togra an creat dlíthiúil nach mór do ghlantaigh a chomhlíonadh le go gcuirfear ar mhargadh an Aontais iad agus le go mbeidh siad i saorchúrsaíocht, a shimpliú agus a nuachóiriú, an bunús dlí a chruthú do tháirgí nuálacha nua mar shampla glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh, cleachtais inbhuanaithe nua a spreagadh mar shampla díolacháin athlíonta glantach, chomh maith le lipéadú digiteach agus an Pas Táirge Digiteach a thabhairt isteach le haghaidh glantach agus dromchlaghníomhaithe.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

10. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

11. A mhéid a bhaineann le ceanglais in-bhithdhíghrádaitheachta, leagfaidh an Coimisiún síos critéir in-bhithdhíghrádaitheachta, i dtús báire le haghaidh sceo polaiméireacha uiscethuaslagtha a úsáidtear chun glantaigh a imchochlú agus le haghaidh na bpolaiméirí uile laistigh den sceo sin, agus ag an dara céim le haghaidh substaintí orgánacha eile a úsáidtear i dtiúchan ard i nglantaigh, arb ionann iad agus 10 % ar a laghad den táirge, seachas uisce. Chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú, ba cheart don Choimisiún, tar éis cur chuige céimseach forásach, measúnú a dhéanamh freisin ar a indéanta atá sé critéir in-bhithdhíghrádaitheachta a thabhairt isteach le haghaidh substaintí orgánacha atá i dtiúchan níos ísle ná 10 %, nó a indéanta atá sé an íostairseach sin a ísliú. Seo a leanas na teorainneacha ama atá leagtha síos le haghaidh sceo agus polaiméirí: le haghaidh sceo a úsáidtear chun glantaigh a imchochlú: 3 bliana (ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin nua maidir le Glantaigh) i gcás gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus 6 bliana le haghaidh na ceanglais nua a bheith á gcomhlíonadh ag na táirgí; agus i gcás comhábhair orgánacha eile: 5 bliana i gcás gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus 8 mbliana le haghaidh comhlíontacht na dtáirgí.

12. Maidir le fosfáití agus comhdhúile eile fosfair, ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh laistigh de 2 bhliain ar a indéanta atá sé na teorainnluachanna do na comhábhair sin i nglantaigh a laghdú a thuilleadh agus raon na nglantach a chumhdaítear leo a leathnú.

13. Ina theannta sin, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, mar chuid den athbhreithniú ginearálta foriomlán faoi cheann 7 mbliana, ar an bhféidearthacht an cion fosfair a theorannú a thuilleadh nó teorainneacha a chur leis an gcion fosfair i gcás catagóirí breise glantach, d’fhonn scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé deireadh a chur de réir a chéile le fosfar, agus an tionchar ar an gcomhshaol, infhaighteacht roghanna malartacha agus tionchar socheacnamaíoch an ionadaithe á gcur san áireamh. Más iomchuí, beidh tograí reachtacha ón gCoimisiún ag gabháil leis an dá anailís.

14. Tá toirmeasc ar ghlantaigh agus ar dhromchlaghníomhaithe a bhí faoi réir tástáil ar ainmhithe a chur ar an margadh, ach ceadaítear úsáid sonraí stairiúla.

15. Maidir leis an mbileog sonraí comhábhar a chur in iúl, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú, i bhfianaise infhaighteacht fhorleathan na dtáirgí sin agus an ardriosca go dtarlódh nimhiú de thaisme, áirítear ceanglas go soláthróidh monaróirí agus, i gcás inarb infheidhme, a n-allmhaireoir nó a n-ionadaí údaraithe, bileog sonraí comhábhar sula gcuirfear na táirgí ar an margadh, agus na bealaí cumarsáide sin atá ann cheana de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán á n-úsáid acu.

16. Maidir le hionadaithe údaraithe, tá forálacha an Rialacháin seo ailínithe le cur chuige an Chreata Reachtaigh Nua, agus ag an am céanna leathnaítear oibleagáidí ionadaí údaraithe na monaróirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile is gá ar fáil d'údaráis um fhaireachas margaidh chun a fhíorú go bhfuil ceanglais an Rialacháin á gcomhlíonadh ag an lipéadú.

17. Socraíodh gurb é 42 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin nua.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

18. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún.

19. Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom ar thoradh na caibidlíochta é a seasamh ar an gcéad léamh agus go mbeidh creat dlíthiúil nua-aimseartha simplithe ann, a luaithe a ghlacfar an Rialachán maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, creat a chaithfidh glantaigh a chomhlíonadh le go gcuirfear ar mhargadh an Aontais iad agus le go mbeidh siad i saorchúrsaíocht.